# Teideal an Pholasaí: Polasaí Dátheangachais

## Rialú an Pholasaí

| | |
|---|---|
| **Tagairt Pholasaí:** | *Déan teagmháil le hOifigeach Pholasaí Corparáide & Comhionannais do thagairt pholasaí* |
| **Teideal an Pholasaí:** | Polasaí Dátheangachais |
| **Leagan:** | 2 |
| **Úinéireacht Stiúrthóireachta / Rannóige** | Seirbhísí Corparáide / Pleanáil & Polasaí Corparáide |
| **Oifigeach atá freagrach:** | Ursula Mhic An tSaoir, Bainisteoir Aonad na Gaeilge |
| **Dáta daingnithe:** | 7 Deireadh Fómhair 2014 |
| **Dáta athbhreithnithe:** | 31 Eanáir 2025 (dara hathbhreithniú) |
| **Scagadh Comhionannais agus Measúnacht Tionchair Riachtanais Tuaithe déanta ag:** | Colin Moffett, Ceannasaí ar Pholasaí Corparáide |
| **Dáta an Scagadh Comhionannais agus Measúnacht Tionchair Riachtanais Tuaithe:** | Scagadh Comhionannais – 23 Feabhra 2015<br>Measúnacht Tionchair Riachtanais Tuaithe - 11 Nollaig 2020 |
| **Áit a bhfuil an cháipéis coimeádta agus tagartha:** | Roinn atá Freagrach ☒<br>Taisclann Polasaí Corparáide ☒ |

## Ábhar

| **Ábhar** | **Uimhir an leathanaigh** |
|---|---|
| **Ráiteas** | **2** |
| **Aidhm an pholasaí** | **2** |
| **Raon an pholasaí** | **2** |
| **Polasaithe agus reachtaíocht ábhartha** | **3** |
| **Sainmhínithe** | **3** |
| **Rannóg agus Oifigigh atá freagrach** | **4** |
| **Próiseas faofa an pholasaí** | **4** |
| **Dáta athbhreithnithe** | **4** |
| **Nósanna imeachta agus socruithe chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar an pholasaí** | **4** |
| **Scagadh comhionannais** | **4** |
| **Measúnacht Tionchair Riachtanais Tuaithe** | **4** |

## 1. Teideal an Pholasaí

Polasaí Dátheangachais

## 2. Ráiteas

Leagann an Polasaí Dátheangachais amach tiomantas na Comhairle chun chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla a éascú agus a spreagadh i gCeantair na Comhairle.

Faomhann an Chomhairle an polasaí seo le comhionannas teanga a chinntiú do gach duine a bhaineann leas as agus/nó a sholáthraíonn seirbhísí na Comhairle chomh fada agus is féidir go réasúnta.

## 3. Aidhm

Is í aidhm atá leis an pholasaí ná tógáil ar thiomantas na Comhairle leis an éagsúlacht a cheiliúradh tríothu seo:

i) Comhionannas deise a sholáthar do gach duine a bhaineann leas as agus/nó a sholáthraíonn seirbhísí na Comhairle trí fhíorú forásach a úsáid
ii) Dualgais na Comhairle mar atá sa Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chomhlíonadh

## 4. Scóip

Baineann an Polasaí Dátheangachais le gach Roinn sa Chomhairle i dtaca leis na feidhmeanna a sholáthraíonn siad agus baineann sé le gach cumarsáid agus teagmháil idir páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Is iad cuspóirí an pholasaí ná:

a) Cuir ar chumas gach duine a fhaigheann nó a úsáideann seirbhísí na Comhairle, nó a chuireann leis an phróiseas daonlathach, é sin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla, de réir a rogha phearsanta féin
b) Úsáid na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn i riarachán inmheánach na Comhairle, ina cuid beartaíochta le comhlachtaí poiblí eile agus fosta le comhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí don phobal sa Cheantar
c) Aithint gur féidir le baill den phobal, comhaltaí, bainistíocht agus fostaithe na Comhairle a gcuid tuairimí agus riachtanas a chur in iúl ar bhealach níos éifeachtaí sa teanga is rogha leo
d) Aithint gur ceist a bhaineann le dea-chleachtas agus cúram custaiméirí í an pobal a chumasú a rogha teanga a úsáid agus nach lamháltas atá ann agus ní lamháltas é a chur ar chumas an phobail a rogha teanga a úsáid
e) Iarracht a dhéanamh, nuair is féidir, deireadh a chur le srianta a chuirfeadh nó a d’oibreodh in aghaidh chaomhnú nó fhorbairt na teanga a chosc.

## 5. Polasaithe agus reachtaíocht ábhartha

- Polasaí agus Nós Imeachta um Ainmniú na nEastát Nua Tithíochta, Uimhriú Poist agus Tógáil na nAinmphlátaí i gComhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
- Treoirlínte an Bhranda Corparáidigh.i gComhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
- Nósanna Imeachta an Pholasaí Dátheangachais i gComhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
- Treoirlínte le haghaidh úsáid na Gaeilge i gComhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
- Alt 75 d'Acht Thuaisceart na hÉireann (1998)
- An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh
- Comhaontú Bhéal Feirste / Comhaontú Aoine an Chéasta 1998
- Comhaontú Chill Rìmhinn

## 6. Sainmhínithe

### Fíorú Forásach

Tógfaidh an Chomhairle céimeanna chun cinn chun lánfhíorú an Pholasaí Dátheangachais a bhaint amach go forásach ag úsáid acmhainní atá inacmhainne.

"Fíorú forásach" a thugtar ar an phrionsabal seo. Admhaíonn sé go mb'fhéidir gur dheacair cuid de na cearta a bhaint amach i ngearrthréimhse ama agus go mbeadh siad faoi réir shriantachtaí acmhainne, ach éilíonn sé go ndéanfadh an Chomhairle an beart is fearr agus is féidir de réir a hacmhainne.

### An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh

Is conradh Eorpach (SCCE 148) í An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (CETRM) a glacadh i 1992 faoi choimirce Chomhairle na hEorpa chun teangacha stairiúla réigiúnacha agus mionlaigh san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn.

### Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann (1998)

Éilíonn na dualgais reachtúla faoi Alt 75 go dtabharfadh údaráis phoiblí aird mar is cuí ar an riachtanas chun comhionannas deise a chur chun cinn chomh maith le haird a bheith acu ar chothú dea-chaidrimh mar bheart inmhianaithe.

### Comhaontú Aoine an Chéasta / Comhaontú Bhéal Feirste

Shínigh rialtais na Breataine agus na hÉireann Comhaontú Aoine an Chéasta nó Comhaontú Bhéal Feirste i mBéal Feirste ar 10 Aibreán 1998 (Aoine an Chéasta) agus thacaigh formhór pháirtithe polaitíochta Thuaisceart na hÉireann leis. Thacaigh vótóirí Thuaisceart agus Phoblacht na hÉireann leis an chomhaontú i reifrinn éagsúla ar 23 Bealtaine 1998.

**Comhaontú Chill Rímhinn**

Ba chomhaontú é Comhaontú Chill Rìmhinn idir rialtais na Breataine agus na hÉireann agus na páirtithe polaitíochta a bhain le cineachadh cumhachta do Thuaisceart na hÉireann. Tháinig an comhaontú de thoradh chainteanna ilpháirtí a tharla i gCill Rìmhinn, Fìobha, Albain idir 11 Deireadh Fómhair agus 13 Deireadh Fómhair 2006, idir an dá rialtas agus na mórpháirtithe uilig i dTuaisceart na hÉireann.

## 7. Rannóg agus Oifigigh atá freagrach

| | |
|---|---|
| Stiúrthóireacht / Rannóg | Seirbhísí Corparáide / Pleanáil & Polasaí Corparáide |
| Oifigeach / Oifigigh freagrach as an pholasaí a fhorbairt | Colin Moffett, Ceannasaí Pholasaí Corparáide<br><br>Ursula Mhic An tSaoir, Bainisteoir Aonad na Gaeilge |

## 8. Próiseas ceadaithe polasaí

| **Cruinniú** | **Dáta** |
|---|---|
| Cruinniú an Choiste Rialachais | 9 Meán Fómhair 2014 |
| Cruinniú míosúil na Comhairle | 7 Deireadh Fómhair 2014 |

## 9. Dáta athbhreithnithe

Déanfar athbhreithniú ar an pholasaí de réir amlíne athbhreithnithe polasaí comhaontaithe na Comhairle i.e. gach 4 bliana (de réir ghealltanais Scéim Chomhionannais na Comhairle 4.31), nó níos luaithe chun a chinntiú go dtagann sé go fóill le forbairtí reachtaíochta.

## 10. Nósanna imeachta agus socruithe chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar an pholasaí

Straitéis na Gaeilge Chomhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, Nósanna Imeachta an Pholasaí Dátheangachais. Cuirtear tuairisc faoi chur i bhfeidhm Straitéis na Gaeilge faoi bhráid Ghrúpa Oibre Trasphäirtí Straitéis na Gaeilge gach sé mhí.

## 11. Scagadh Comhionannais

Rinneadh scagadh comhionannais ar an pholasaí agus is é an cinneadh nach mbeadh sé faoi réir ag EQIA (gan aon bheart maolaitheach de dhíth).

## 12. Measúnacht Tionchair Riachtanais Tuaithe

Tugadh aird mar is cuí ar riachtanais tuaithe agus rinneadh measúnacht tionchair riachtanais tuaithe.